# Cód Iompair le hAghaidh Chomhaltaí Sheanad Éireann Seachas Sealbhóirí Oifige

## Reamhrá

Déanann Comhaltaí Sheanad Éireann seachas sealbhóirí oifige (dá ngairtear 'Comhaltaí' ina dhiaidh seo) a aithint gurb é a leas aonair agus comhchoiteann é muinín agus iontaoibh an phobail as a n-ionracas mar phearsana aonair, agus as Seanad Éireann mar fhoras, a chothú agus a bhuanú. Chun na críche seo, ba cheart do Chomhaltaí gníomhú faoi threoir na maitheasa poiblí i gcónaí agus a chinntiú i gcónaí gur ar mhaithe le leas an phobail a dhéanann siad a gcuid gníomhartha agus cinntí.

Ghlac Comhaltaí Sheanad Éireann leis an gCód Iompair seo de bhun Airteagal 15.10 den Bhunreacht agus de réir Alt 10 den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, is Cód arb é an cuspóir atá leis Comhaltaí a threorú i gcomhlíonadh a n-oibleagáidí ar shlí atá i gcomhréir le comhall cuí na bhfeidhmeanna a ghabhann le hOifig Comhalta de Sheanad Éireann.

## An Cód

1. Ní foláir do Chomhaltaí, de mheon macánta, iarracht a dhéanamh an iontaoibh a chuirtear iontu a chaomhnú, agus an tionchar is féidir leo a imirt mar gheall ar a n-oifig phoiblí a fheidhmiú ar shlí a chuirfidh le leas an phobail.

2. Ní foláir do Chomhaltaí iad féin a iompar de réir fhorálacha agus spiorad an Chóid Iompair agus a chinntiú nach ndéanfaidh a n-iompar míchlú a tharraingt ar ionracas a n-oifige nó an tSeanaid.

3. (i) Tá oibleagáid ar leith ar Chomhaltaí iad féin a iompar ar shlí atá i gcomhréir le comhall cuí na bhfeidhmeanna a ghabhann le hOifig Comhalta de Sheanad Éireann agus i gcomhréir le cothabháil iontaoibhe sa chomhall sin i measc an phobail i gcoitinne.

(ii) Ní foláir do Chomhaltaí plé le húdaráis atá ag gabháil do riarachán poiblí agus don dlí a chur i bhfeidhm ar shlí atá i gcomhréir lena róil mar ionadaithe poiblí agus mar reachtóirí.

4. (i) Bíonn easaontacht leasa ann i gcás ina nglacann Comhalta páirt i gcinneadh a dhéanamh, nó ina ndéanann Comhalta cinneadh, i bhfeidhmiú a oifige nó a hoifige dó nó di agus a fhios aige nó aici go gcuirfidh an cinneadh go míchóir agus go mímhacánta lena leas airgeadais ríobháideach nó le leas airgeadais príobháideach duine eile go díreach nó go neamhdhíreach.

(ii) Ní bhíonn easaontacht leasa ann i gcás nach ndéantar sochar do Chomhalta nó do dhuine eile ach amháin mar dhuine den phobal i gcoitinne nó mar dhuine d'aicme leathan daoine.

5. (i) Ní foláir do Chomhaltaí a n-iompar a bhunú ar thuiscint do leas an phobail agus tá gach Comhalta ar leith acu cuntasach as easaontachtaí leasa a chosc.

(ii) Ní foláir do Chomhaltaí féachaint lena ngnóthaí airgeadais príobháideacha a eagrú ionas nach dtiocfaidh easaontachtaí leasa den sórt sin chun cinn agus gach beart réasúnach a

dhéanamh chun aon easaontacht den sórt sin a réiteach go tapa agus ar an tslí is fearr a dhéanfaidh leas an phobail.

6. Ní ceadmhach do Chomhaltaí aon sochar nó brabús airgeadais a shireadh, a ghlacadh nó a fháil as aon Bhille nó tairiscint le haghaidh rúin nó ordaithe a chur chun cinn nó as vótáil ar aon cheann den chéanna nó as aon cheist a bheidh curtha chuig an Seanad nó chuig aon cheann dá choistí.

7. Ní foláir do Chomhaltaí ceanglais an tSeanaid agus an dlí maidir leis na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí a chomhall go coinsiasach agus, chun cuidiú leo déanamh amhaidh, ba chóir dóibh iad féin a chur ar an eolas faoin reachtaíocht agus faoi na treoirlínte iomchuí a fhoilsíonn an Roghchoiste um Leasanna Comhaltaí agus an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, de réir mar is cuí, ó am go ham.

8. (i) Ní ceadmhach do Chomhaltaí glacadh le bronntanas a d'fhéadfadh a bheith ina údar le heasaontacht leasa nó a d'fhéadfadh cur isteach ar fheidhmiú macánta neamhchlaonta a ndualgas oifigiúil.

(ii) Is ceadmhach do Chomhaltaí glacadh le bronntanais theagmhasacha agus le hoineach gnásúil.

9. I gcomhlíonadh a ndualgas oifigiúil dóibh, ní foláir do Chomhaltaí acmhainní poiblí a chur chun feidhme go stuama agus gan iad a chur chun feidhme ach amháin le haghaidh na gcuspóirí ar lena n-aghaidh a ceapadh iad.

10. Ní ceadmhach do Chomhaltaí úsáid a bhaint as faisnéis oifigiúil nach bhfuil teacht ag an bpobal uirthi, ná as faisnéis a fhaightear faoi rún i gcúrsa a ndualgas oifigiúil, ar mhaithe le gnóthachtáil phearsanta nó ar mhaithe le gnóthachtáil phearsanta daoine eile.

11. Ní foláir do Chomhaltaí comhoibriú le gach Binse Fiosrúcháin agus le gach comhlacht eile a bheidh ag fiosrú nithe lena bhfuil tábhacht phoiblí agus a bheidh bunaithe ag Tithe an Oireachtais.